



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

PÁIPÉAR I

(220 marc)

DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.)

Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt.

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

A – GIOTA LEANÚNACH – (60 MARC)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

- (i) An aimsir in Éirinn.
- (ii) An áit is fearr liom ar domhan.
- (iii) Ní maith liom an Luan.

B – SCÉAL – (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

- (i) Bhí gach duine sa seomra feithimh ag léamh go ciúin. Níor thaitin sé liom riamh cuairt a thabhairt ar an bhfiacloir ...
nó
- (ii) “Tá dea-scéala agam duit,” arsa an duine ar an bhfón, “tá áit agat ar an bhfoireann.” Léim mo chroí le háthas ...

C – LITIR – (60 marc)

- (i) Fuair tú post samhraidh in oifig i Sasana. Thaitin an obair agus an t-airgead go mór leat. Scríobh litir abhaile chuig do thuismitheoirí ag míniú dóibh nach mbeidh tú ag filleadh abhaile chun tosú ar chúrsa tríú leibhéal.
nó
- (ii) Chonaic tú freastalaí i siopa áitiúil ag díol toitíní (tobac) le daoine óga. Ní raibh tú sásta leis sin. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig bainisteoir an tsiopa sin ag gearán faoin rud a chonaic tú.

D – COMHRÁ – (60 marc)

- (i) Tá tú sa séú bliain agus ar tí an scoil a fhágáil. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le cara leat sa rang faoi na laethanta scoile atá caite agaibh.
nó
- (ii) Is maith leat duine áirithe sa saol poiblí (polaiteoir, bainisteoir foirne, pearsa teilifíse/raidíó nó eile). Ní maith le do chara é/í. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh faoin duine sin.

Freagair **A** agus **B** anseo.

A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

Bean Spéisiúil ón bPolainn

- 1 Tá 100,000 Polannach ina gcónaí i mbailte agus i gcathracha ó cheann ceann na hÉireann. An duine is mó aithne as an slua sin ar fad ná Izabela Chydzicka. Tá cáil bainte amach aici sa tír seo laistigh de sheacht mbliana ó tháinig sí anseo ón bPolainn. Tá clár teilifíse sa Pholainnis á chur i láthair aici ar City Channel i mBaile Átha Cliath ón mbliain 2005, agus bhí sí mar aoi speisialta ar ‘Questions and Answers’, ‘The View’ agus ‘The Late Late Show’ ar RTÉ, agus ar chlár eile nach iad. Is mór an rud é seo ag bean óg nach bhfuil ach 27 mbliana d’aois, agus nach bhfuil aici ach Béarla briste.
- 2 Ní hé an clár teilifíse an t-aon phost amháin atá aici. Tá post aici ó lár 2007 amach le metoo.ie i bPáirc Ghnó East Point in aice le Cluain Tarbh i dtuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliath. Is suíomh gréasáin é metoo.ie do Pholannaigh atá ina gcónaí in Éirinn. Bíonn poist á bhfógairt ar an suíomh, agus bíonn nuacht ón bPolainn le léamh air. Bíonn fóram ar an suíomh freisin a thugann deis do Pholannaigh ceisteanna éagsúla a phlé lena chéile.
- 3 Rugadh Izabela sa bhliain 1980 in Zabkowiec Slaskie, baile beag i ndeisceart na Polainne. Bhí saol crua aici féin agus ag a teaghlach agus í óg ach bhí gaolta acu sa Ghearmáin a chuir bronntanais chucu ó am go ham. Theastaigh uaithe post maith a fháil. Nuair a bhí an *matura* déanta aici (scrúdú cosúil leis an Ardeistiméireacht) chuaigh sí ag obair le banc Éireannach sa Pholainn. Thosaigh sí ag déanamh staidéir ar an dlí go páirtaimseartha ag an am céanna. Bhí sí sásta a bheith ag obair sa bhanc agus ní raibh sé i gceist aici a tír dhúchais a fhágáil. Le himeacht aimsire áfach bhuaill sí le daoine as Éirinn, fuair sí eolas faoin tír, agus shocraigh sí teacht anseo.
- 4 Tháinig sí go hÉirinn i mí Mheán Fómhair 2001. D’fhill sí ar an bPolainn don Nollaig an bhliain sin ach tar éis seachtaine sa bhaile bhí cumha uirthi i ndiaidh na hÉireann. Bhí sí ag iarraidh filleadh ar Bhaile Átha Cliath. Nuair a d’fhill sí thosaigh sí ag freastal ar ranganna Béarla. Fuair sí post mar rúnaí i gcoláiste Béarla agus sa tslí sin chuir sí aithne ar dhaoine ó thíortha éagsúla a bhí tar éis teacht go hÉirinn.
- 5 Fostaíodh í mar fhreastalaí i dteach tábhairne agus i gclub oíche i lár Bhaile Átha Cliath ach níor thaitin an obair léi. D’éirigh sí as tar éis na chéad oíche! Ach d’aithin an t-úinéir gur oibrí an-mhaith a bhí inti agus thug sé post di mar bhainisteoir fógraíochta ar na tithe tábhairne ar fad atá aige. Chaith sí dhá bhliain sa phost sin agus d’éirigh thar barr léi. Chuaigh sí ag obair ar an gclár teilifíse ina dhiaidh sin.
- 6 Ní rómhaith a thaitníonn aimsir na hÉireann léi. Ach tá a lán cairde aici anseo, tá post maith aici agus árasán deas. Níl sí réidh le dul abhaile go fóill.




Bunaithe ar alt le hAlan Desmond ar an iris idirlín
www.beo.ie

1. Luaigh **dhá** chlár teilifíse a raibh Izabela mar aoi orthu. (Alt 1) 10 marc
2. Ainmnigh **dhá** rud a bhíonn ar an suíomh gréasáin *metoo.ie*. (Alt 2) 10 marc
3. Cad a rinne sí go páirtaimseartha nuair a bhí sí ag obair sa bhanc? (Alt 3) 10 marc
4. Conas a mhothaigh sí nuair a d’fhill sí ar an bPolainn don Nollaig sa bhliain 2001? (Alt 4) 10 marc
5. Conas a d’éirigh léi mar fhreastalaí sa teach tábhairne i mBaile Átha Cliath. (Alt 5) 10 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceistanna **ar fad** a ghabhann leis.

Fear Gnímh as Fear Manach

1 Fear gnímh é Peadar Ó Cuinn, nó Peter Quinn mar is fearr aithne air, fear a bhfuil cuid mhór rudaí déanta aige ina shaol go dtí seo. Tá cáil air mar dhuine atá ábalta pleananna a dhéanamh agus rudaí a chur i gcrích. Is iontach an fear gnó é le fada an lá. Bhí baint lárnach aige le forbairt Pháirc an Chrócaigh do Chumann Lúthchleas Gael. Bhí sé ina bhall de Choimisiún na bParáidí i dTuaisceart Éireann. Anuraidh, sa bhliain 2007, ceapadh é ina Chathaoirleach ar TG4, an chéad Chathaoirleach ar an stáisiún ó fuair siad neamhspleáchas ó RTÉ.



2 Rugadh Peter sa Tigh Mór, baile beag i gContae Fhear Manach atá míle ón teorainn le Contae an Chabháin. Bhí ceathrar sa chlann, Peter, a dheartháir Seán, agus beirt deirfiúracha. Bhí Peter agus Seán an-tógtha leis an bpeil agus iad ag fás aníos. Níor bhac a n-athair le cluichí in aon chor; cur amú ama a bhí iontu dar leis. Bhí duine de na comharsana míshásta leis an athair lá amháin cionn is nach ndeachaigh sé lena chuid mac a fheiceáil ag imirt riamh. Chuaigh sé chuig an gcéad chluiche eile agus ón lá sin go dtí lá a bháis ceithre bliana ina dhiaidh sin níor chaill sé cluiche ar bith ina raibh a mhic ag imirt.

agus deir Peter gur fhoghlaim sé níos mó ó bheith ag obair lena dheartháir ná mar a d'fhoghlaim sé ó aon leabhar riamh.

3 Bhí Peter an-éirimiúil nuair a bhí sé ar scoil. D'éirigh go han-mhaith leis sna scrúduithe agus chuaigh sé ar an ollscoil. Bhain sé céim amach sa Laidin agus san Eacnamaíocht in Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste i 1964. Rinne sé Cuntasaíocht ina dhiaidh sin. Chaith sé tamall ag léachtóireacht in Ollscoil na Banríona agus rinne sé céim MBA ansin. Bhí post aige ar feadh tamaill leis an Manchester Business School. Ach ansin d'iarr a dheartháir Seán air dul ag obair leis siúd sa ghrúpa comhlachtaí atá aige, an Quinn Group. Tá baint lárnach ag Peter leis an ngrúpa ó shin i leith. Tá Seán ar an dara duine is saibhre in Éirinn inniu

4 Tá cónaí ar Pheter in Inis Ceithleann le breis agus fiche bliain anuas. Réitíonn sé go maith le gach dream sa phobal. Ní bhaineann sé le haon pháirtí polaitíochta cé go ndeir sé go bhfuil dearcadh náisiúnach aige ar chúrsaí reatha. Tá neart airgid aige anois agus cabhraíonn sé le grúpaí deonacha toisc gur cuimhin leis an uair nach raibh mórán airgid aige. Is í an fhealsúnacht atá aige gur chóir do dhaoine a n-éiríonn go maith leo sa saol cabhrú le daoine nach n-éiríonn chomh maith céanna leo.

5 Bhí iontas ar roinnt daoine nuair a ceapadh Peter ina Chathaoirleach ar TG4 ach tá taithí aige ar a bheith ag plé le cúrsaí teilifíse ón uair a bhí baint aige le Ciste Craoltóireachta Gaeilge an BBC sa tuaisceart. Tá go leor dúshlán roimh TG4 dar leis. Deir sé go gcaithfidh an fhoireann agus an bhainistíocht a bheith ag forbairt na seirbhísí i gcónaí. Caithfidh siad cláir mhaithe a dhéanamh leis an lucht féachana a choinneáil. Agus caithfear a bheith cinnte chomh maith go gcuirfidh an rialtas go leor airgid ar fáil don stáisiún.

*Bunaithe ar alt le Caoimhe Ní Laighin ar an iris idirlín
www.beo.ie*

- | | | |
|----|---|---------|
| 1. | Cén post nua a fuair Peter Quinn in 2007? (Alt 1) | 10 marc |
| 2. | (a) Cén rud a raibh Peter agus Seán an-tógtha leis agus iad ag fás aníos?
(b) Cén dearcadh a bhí ag an athair ar na cluichí i dtosach? (Alt 2) | 10 marc |
| 3. | (a) Ainmnigh dhá ábhar a ndearna Peter staidéar orthu.
(b) Cén grúpa lena bhfuil sé ag obair anois? (Alt 3) | 10 marc |
| 4. | Cén fáth a gcabhraíonn Peter le grúpaí deonacha anois? (Alt 4). | 10 marc |
| 5. | Luaigh dhá dhúshlán atá roimh TG4, dar le Peter. (Alt 5). | 10 marc |

Leathanach Bán

Leathanach Bán